



# AG BREATHNÚ AR AN SCOIL AGAINNE 2016

Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna



**AG BREATHNÚ AR AN SCOIL  
AGAINNE 2016**

Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna

Ba mhaith leis an gCigireacht buíochas a ghabháil le Scoil Chríost Rí, Meanscoil na Torbhirte, Port Laoise, Co. Laoise agus Scoil na mBráithre, Port Laoise, Co. Laoise, as cead a thabhairt na grianghraif ar an gelúdach a úsáid.

© 2016 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Arna fhoilsiú ag

An Chigireacht

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sráid Maoilbhríde

Baile Átha Cliath 1

D01 RC96

Tá an foilseachán seo ar fáil ag [www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie)

## ÁBHAR

<b>BROLLACH</b>	<b>5</b>
<b>RÉAMHRÁ</b>	<b>6</b>
1. Aidhm agus bunús	6
2. Prionsabail an Chreata Cáilíochta	6
3. Struchtúr agus cur i bhfeidhm an Chreata Cáilíochta	7
4. Creat cuimsitheach le húsáid go roghnaitheach	10
5. An Creat Cáilíochta - raon d'fheidhmeanna	10
<b>CREAT CÁILÍOCHTA D'IAR-BHUNSCOILEANNA - FORLÉARGAS</b>	<b>12</b>
<b>NA RÁITIS AR CHLEACHTAS – TEAGASC AGUS FOGHLAIM</b>	<b>13</b>
RÉIMSE 1: TORTHAÍ NA bhFOGHLAIMEOIRÍ	13
RÉIMSE 2: EISPÉIRIS NA bhFOGHLAIMEOIRÍ	15
RÉIMSE 3: CLEACHTAS AONAIR NA MÚINTEOIRÍ	17
RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN/COMHOIBRÍOCH NA MÚINTEOIRÍ	20
<b>NA RÁITIS AR CHLEACHTAS – CEANNAIREACHT AGUS BAINISTÍOCHT</b>	<b>22</b>
RÉIMSE 1: CEANNAIREACHT AR FHOGHLAIM AGUS AR THEAGASC	22
RÉIMSE 2: AN EAGRAÍOCHT A BHAINISTIÚ	24
RÉIMSE 3: CEANNAIREACHT AR FHORBAIRT NA SCOILE	26
RÉIMSE 4: ACMHAINN NA CEANNAIREACHTA A FHORBAIRT	28



## BROLLACH

Tá áthas orm an foilseachán seo *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* a chur i láthair. Tá sé ceaptha chun tacú le hiarrachtaí na múinteoirí agus na gceannairí scoile, chomh maith leis an gcóras scoile i gcoitinne, a ndícheall a dhéanamh chun feabhas a bhaint amach inár scoileanna.

Tá an t-ádh orainn in Éirinn go bhfuil córas oideachais againn a bhfuil an-mheas ag tuismitheoirí, scoláirí, múinteoirí agus an pobal níos leithne air. Cuireann suirbhéanna agus ceistneoirí i measc tuismitheoirí, foghlaimeoirí, fostóirí agus daoine eile fianaise ar fáil ar an ardmheas sin agus léiríonn siad leibhéal arda muiníne go rithear ar scoileanna go maith. Éiríonn go maith le scoláirí na hÉireann i suirbhéanna idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil agus léiríonn tuairiscí cigireachta scoile a mhéid agus a bhfuil teagasc agus foghlaim ardcháilíochta mar thréith ag ár scoileanna.

Is féidir le múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus na páirtithe leasmhara uile a bheith bródúil as ár scoileanna agus an obair leanúnach ag múinteoirí agus daoine eile chun eispéiris foghlama do na scoláirí uile a dhéanamh ábhartha, dúshlánach agus samhlaíoch. Tá an Rialtas tiomanta do thacú leis an obair seo. Táimid meáite ar shochair an fháis eacnamaíochta a infheistiú inár gcóras oideachais sa chaoi is gur féidir linn leanúint de theagasc agus foghlaim den scoth a bheith againn do na foghlaimeoirí uile inár scoileanna.

Mar Aire Oideachais agus Scileanna, tá a fhios agam go maith gur dúshlán leanúnach é cáilíocht na foghlama i scoileanna a choinneáil agus a fheabhsú i ndomhan atá ag athrú go tapa. Ní mór do mhúinteoirí a bheith i gcoilár iarrachta ar bith chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim agus glactar leis go forleathan, nuair a dhéanann scoileanna athmhachnamh ar cháilíocht a gcuid oibre agus nuair a dhéanann siad pleanáil don chaoi inar féidir feabhas a chur uirthi, go bhfoghlaimíonn scoláirí níos fearr. Sin an fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach sin féinmheastóireacht mhaith a bheith i scoileanna – féadfaidh sí scoileanna a spreagadh chun réitigh nua atá cruthaitheach agus éifeachtach a aimsiú chun feabhas a chur ar fhoghlaim a scoláirí. Cuidíonn féinmheastóireacht scoile freisin leis na cigireachtaí seachtracha a dhéanann Cigireacht na Roinne agus, le chéile, féadfaidh siad tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas agus ar a suaimhneas maidir le caighdeáin na foghlama i scoileanna.

Tá *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* ceaptha le taca a chur faoi fhéinmheastóireacht scoile agus cigireachtaí scoile araon. Is é an bunús atá le creat cáilíochta i réimse ar bith ná caighdeáin a sholáthar atá ábalta cuidiú linn a mheas cé chomh maith agus atá an cleachtas agus, rud atá an-tábhachtach, an bealach a thaispeáint i dtreo an fheabhsúcháin más gá.

Tá *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* ceaptha chun pictiúr soiléir a thabhairt ar chleachtais mhaithe nó ar cleachtais an-mhaithe i scoil. Ligfidh sé do scoileanna féachaint ar a gcleachtais féin agus a aithint cad atá á dhéanamh go maith acu, agus cad iad na gnéithe d'obair na scoile a d'fhéadfaí a fhorbairt níos mó chun eispéiris foghlama agus torthaí foghlama na scoláirí a fheabhsú. Tógtar an creat mórthimpeall na réimsí teagaisc agus foghlama, agus ceannaireachta agus bainistíochta. Is iad sin an dá phríomhréimse d'obair scoile a mbíonn tionchar acu go díreach ar thorthaí agus eispéiris foghlama na scoláirí. Bainfidh cigirí úsáid as *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* freisin agus meastóireacht á dhéanamh acu ar scoileanna, agus cuideoidh sé le tuismitheoirí agus daoine eile tuiscint cé chomh maith agus atá scoileanna ag obair agus cé chomh maith agus atá scoláirí ag foghlaim.

Scríobhadh *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* mar thoradh ar chomhairliúchán forleathan le scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile, comhlachtaí bainistíochta agus gairmeoirí oideachais eile agus raon leathan de chomhlachtaí eile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine aonair agus na comhlachtaí uile a bhí páirteach as an gcaoi inar chomhoibrigh siad le Cigireacht na Roinne san obair seo agus guím gach rath ar chách atá páirteach in úsáid an chreata ina gcuid iarrachtaí chun an fhoghlaim a fheabhsú agus a fhorbairt i scoileanna na hÉireann.

**Richard Bruton, TD, Aire Oideachais agus Scileanna**

## RÉAMHRÁ

### 1. Aidhm agus bunús

Sa bhliain 2003, d'fhoilsigh an Chigireacht treoir don bhféinmheastóireacht do scoileanna dar teideal *Ag Breathnú ar an Scoil Againne*. Tagann *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* san ionad ar fhoilseachán na bliana 2003 agus tá sé ceaptha chun roinnt aidhmeanna a shroicheadh.

Le *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* cuirtear tacar comhaontaithe agus comhleanúnach ar fáil do dhá dhimínsean d'obair scoileanna:

- teagasc agus foghlaim
- ceannaireacht agus bainistíocht

Tá sé ceaptha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile le húsáid chun na cuir chuige teagasc agus foghlama is éifeachtaí agus is mealltaí a chur i bhfeidhm agus chun feabhas a chur ar cháilíocht na ceannaireachta ina scoileanna. Trí thacar de chaighdeáin a sholáthar a thugann cur síos ar 'chleachtas éifeachtach' agus ar 'chleachtas fíoréifeachtach', cuideoidh an creat le scoileanna a láidreachtáí agus a réimsí forbartha a aithint agus cuirfidh sé ar a gcumas seilbh a ghlacadh ar a bhforbairt agus feabhsúchán féin. Ar an mbealach seo, féachann an creat cáilíochta le cuidiú le scoileanna chun féinmheastóireacht, cleachtas athmhachnamhach agus freagrúlacht ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí a leabú ina seomraí ranga agus ina suíomhanna foghlama eile.

Bainfear úsáid as an gcreat cáilíochta chun bonn eolais a chur faoi obair na gcigirí de réir mar a dhéanann siad monatóireacht agus tuairisciú ar an gcáilíocht i scoileanna. Bainfidh na samhlacha meastóireachta úsáid as na gnéithe den chreat is mó atá ábhartha d'fhócas na samhla. Ar an mbealach seo, cé go mbainfear úsáid as an gcreat go solúbtha, cinnteoidh sé go mbíonn comhsheasmhacht i meastóireachtaí uile na Cigireachta.

Mar thoradh an gcreat cáilíochta a chur ar fáil go poiblí, cuideofar le tuismitheoirí agus daoine eile na breitheanna meastóireachta i dtuairiscí cigireachta a thuiscint. Cuideoidh an teanga choiteann a sholáthraíonn an creat le plé fiúntach idir múinteoirí, gairmeoirí oideachais, tuismitheoirí, scoláirí, pobail scoile agus an pobal níos leithne faoin gcáilíocht inár scoileanna.

### 2. Prionsabail an Chreata Cáilíochta

Glacann an creat cáilíochta dearcadh iomlánaíoch ar an bhfoghlaimeoir agus ar an bhfoghlaimeoir. Leagtar an bhéim ann ar an ngá do scoláirí raon leathan scileanna, inniúlachtaí agus luachanna a fhorbairt a chuidíonn le folláine phearsanta, saoránacht ghníomhach agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Mar sin, ba chóir d'éispéiris foghlama do na scoláirí uile a bheith leathan, cothrom, dúshlánach agus freagrúil do riachtanais an duine aonair.

Dar leis an gcreat cáilíochta, tá folláine na scoláirí ríthábhachtach sa dearcadh iomlánaíoch seo ar an bhfoghlaimeoir, mar thoradh ar an bhfoghlaimeoir agus mar chumasóir ar an bhfoghlaimeoir. Aithníonn sé an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna chun folláine na scoláirí a chur chun cinn agus a chothú trína gcleachtais i bpríomhréimsí na timpeallachta scoile, an churaclaim, na bpolasáí agus na gcomhpháirtíochtaí. Mar sin, tá tacaíocht d'fholláine na scoláirí comhtháite sa dá dhimínsean den chreat seo, agus déantar tagairt shoiléir di ag príomhphointí.

Aithníonn an creat cáilíochta an tábhacht atá le cáilíocht an teagasc agus baineann sé úsáid as cnuasach leathan de thaighde a thugann le tuiscint gurb í sármhaitheas sa teagasc an tionchar is cumhachtaí ar ghnóthachtáil na scoláirí. Admhaíonn sé na scileanna oideolaíochta atá de dhíth chun cuidiú le heispéiris agus torthaí foghlaimeora ardcháilíochta. Dar leis, tá forbairt ghairmiúil ar feadh na gairmréime ríthábhachtach d'obair an mhúinteora agus cuirtear athmhachnamh agus comhoibriú go daingean ina chroílár. Dar leis an gcreat, ba chóir go mbeadh feabhsúchán ar cháilíocht foghlama na scoláirí mar phríomhthiománaí ar bhfoghlaimeoir an mhúinteora.

Breathnaíonn an creat cáilíochta ar scoileanna mar eagraíochtaí foghlama fuinniúla, ina gcuirtear ar chumas na múinteoirí obair ina n-aonair agus i gcomhar le múinteoirí eile a gcumas gairmiúil a thógáil d'fhonn tacú le feabhsúchán leanúnach sa teagasc agus san fhoghlaim. Dar leis, ba chóir do scoileanna an fhreagracht a ghlacadh as cáilíocht an oideachais a chuireann siad ar fáil agus ba chóir dóibh a bheith dírithe go soiléir ar an bhfoghlaim. Breathnaíonn sé ar scoláirí mar ghníomhaithe gníomhacha ina bhfoghlaim a ghlacann páirt go cuspóireach i raon leathan de ghníomhaíochtaí foghlama agus a fhreagraíonn ar bhealaí éagsúla ar dheiseanna foghlama éagsúla.


Dar leis an gcreat cáilíochta, cuidíonn an mheastóireacht sheachtrach agus inmheánach freisin le feabhsúchán scoile agus le forbairt inniúlachta. Deir sé gurb é an gníomhaí feabhsúcháin is cumhachtaí ná córas dea-chomhtháite meastóireachta a mheascann an dearcadh seachtrach le tuairimí athmhachnamhacha agus comhoibríoch na gceannairí scoile, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na scoláirí.

Dar leis an gcreat cáilíochta, ní féidir an cheannaireacht agus an bhainistíocht a scaradh óna chéile. Déanann an creat ceannaireacht scoile a shainmhíniú trína tionchar ar an bhfoghlaim. Dar leis, tá sé rithabhachtach ceannaireacht a bheith ann a dhíríonn ar thimpeallachtaí a chruthú agus a choinneáil chun cuidiú le foghlaim mhaith, agus admhaíonn sé go bhfuil ceannaireacht éifeachtach riachtanach le go mbeadh scoileanna ina n-áiteanna ina dtarlaíonn foghlaim rathúil. Is bunphrionsabal den chreat é, má tá scoileanna le maoirsiú go héifeachtach, nach mór iad a bhainistiú go héifeachtach. Mar sin, meastar go bhfreastalaíonn na tacaí saincileanna ceannaireachta agus bainistíochta araon i gcónaí ar phríomhobair na scoile: foghlaim agus teagasc.

Déanann an creat cáilíochta tagairt i gcoitinne do cheannairí scoile, agus níos sainiúla do phátrúin scoile, boird bhainistíochta, príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha, mar is cuí. De ghnáth tagraíonn an téarma 'ceannairí scoile' do na ról fhoirmiúla ceannaireachta sin, agus freisin áiríonn sé múinteoirí le poist fhreagrachta agus iad siúd a bhfuil ról glactha acu a bhaineann le tosaíochtaí na scoile. Aithníonn an creat freisin go mbíonn ról ceannaireachta ag na múinteoirí uile laistigh den scoil. Mar sin, tá diminsean na ceannaireachta agus na bainistíochta ceaptha chun cuidiú leis na múinteoirí uile dearcadh a fháil ar a ról ceannaireachta féin sa scoil agus ar an gcaoi inar féidir leo a scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus a leathnú de réir a chéile.

### 3. Struchtúr agus cur i bhfeidhm an Chreata Cáilíochta

#### I. FORLÉARGAS





Tá dhá **dhiminsean** sa chreat – Teagasc agus Foghlaim, agus Ceannaireacht agus Bainistíocht. Léiríonn siad sin an dá phríomhréimse d’obair scoile.

Roinntear gach diminsean i roinnt **réimsí**. Léiríonn na **réimsí** na gnéithe den diminsean, gnéithe atá scartha, ach gaolta lena chéile.

Tugtar **caighdeáin** ansin do gach ceann de na réimsí. Luaitear na caighdeáin mar iompraíochtaí agus tréithe a bhíonn mar thréithe ag an na cleachtais i scoil atá éifeachtach agus ag feidhmiú go maith.

Taispeánann an forléargas ar an gCreat Cáilíochta ar leathanach 12 an dá dhiminsean, na réimsí ina roinntear iad, agus na caighdeáin do gach réimse, i bhformáid bheacht.

## II. NA RÁITIS AR CHLEACHTAS

I dtaca le gach caighdeán, tugtar ráitis ar chleachtas ag dhá leibhéal – ráitis ar chleachtas éifeachtacha agus ráitis ar chleachtas fíoréifeachtacha. Tugann na ráitis ar chleachtas éifeachtacha cur síos ar chleachtais atá ag oibriú ag leibhéal cumasach agus éifeachtach. Tugann na ráitis ar chleachtas fíoréifeachtacha cur síos ar chleachtais atá an-éifeachtach agus rathúil. Tá difríochtaí idir na ráitis ag an dá leibhéal ar bhealaí éagsúla; tugtar roinnt minithe agus samplaí thíos.

I roinnt cásanna tá an ráiteas ar chleachtas fíoréifeachtach difriúil ó thaobh na céime de ón ráiteas ar chleachtas éifeachtach. Mar shampla, ag leibhéal an chleachtais éifeachtaigh ‘léiríonn na scoláirí leibhéal arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim’, cé go ndeireann an ráiteas ar chleachtas fíoréifeachtach go léiríonn scoláirí ‘leibhéal **an-arda** spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim’. Tá an cineál seo d’idirdhealú comónta agus, ar an gcúis seo, baintear úsáid as de réir mar is cúí.

I gcásanna eile déanann an ráiteas ar chleachtas fíoréifeachtach forbairt agus leathnú ar an ráiteas ar chleachtas éifeachtach. Mar shampla, ag leibhéal an chleachtais éifeachtaigh ‘tá na scileanna ag na scoláirí a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá’ ach ag leibhéal an chleachtais fíoréifeachtaigh ‘tá na scileanna ag na scoláirí a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá, agus **an gá chun é seo a dhéanamh a aithint as a stuaim féin.**’ Baintear úsáid as an gcineál seo d’idirdhealú san áit inar féidir cleachtas éifeachtach a fhorbairt níos mó chun toradh níos luachmhaire a bhaint amach. Is féidir le scoileanna na ráitis seo a úsáid mar threoir agus iad ag féachaint le cleachtais éifeachtacha atá acu cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú.

Mar chríoch, i líon beag cásanna tá an ráiteas ar chleachtas fíoréifeachtach mar an gcéanna leis an ráiteas ar chleachtas éifeachtach: mar shampla ‘tá gnóthachtáil na scoláirí i measúnuithe suimitheach, lena n-áirítear scrúduithe teistiméireachta, ag teacht le hionchais réalaiócha nó os a gcionn.’ Tarlaíonn sé seo toisc, i dtaca leis na gnéithe seo ar leith de sholáthar scoile, nach bhfuil aon difríocht fhiúntach idir cleachtas éifeachtach agus cleachtas fíoréifeachtach.

Tá cló trom curtha ar na príomhthréithe a idirdhealaíonn cleachtas fíoréifeachtach ó chleachtas éifeachtach sna ráitis ar chleachtais fíoréifeachtacha.

## III. AG BAINT ÚSÁIDE AS NA RÁITIS AR CHLEACHTAS SA PHRÓISEAS MEASTÓIREACHTA

Nuair a thógtar le chéile iad ba chóir go gcuirfeadh na ráitis ar chleachtas éifeachtach agus ar chleachtais fíoréifeachtacha ar chumas na múinteoirí, na gceannairí scoile agus na ndaoine eile a bhíonn páirteach sa mheastóireacht inmheánach nó sheachtrach teacht ar bhreithiúnais mheastóireachta bunaithe ar fhianaise maidir le cáilíocht ghnéithe de sholáthar scoile. Ba chóir do na ráitis ar chleachtas freisin cur ar chumas na múinteoirí agus na gceannairí scoile an chéad chéim eile a phleanáil san aistear feabhsúcháin dá dteagasc féin nó do sholáthar a scoileanna.

Aithníonn an creat cáilíochta go bhfuil scoileanna ag céimeanna éagsúla in aistear feabhsúcháin na scoile i dtaca le gnéithe éagsúla dá soláthar. Mar sin, b’fhéidir go mbeadh cleachtas an-mhaith ag scoil thipiciúil, mar

shampla, i réimse eispéiris an fhoghlaiméora nó caidreamh le tuismitheoirí. Agus d'fhéadfadh gnéithe a bheith ag an scoil chéanna, mar shampla torthaí foghlama in ábhair áirithe nó cleachtais mheasúnaithe, nach mór a fheabhsú.

Feidhm thábhachtach de na caighdeáin seo is ea cuidiú le scoileanna chun na réimsí sin dá gcleachtas a aithint atá éifeachtach nó fíoréifeachtach, na réimsí sin ina bhfuil gá le feabhsúchán a aithint agus a chur in ord tosaíochta, agus cuidiú leo an t-aistear feabhsúcháin a leagan amach.

Mar shampla, féadfaidh scoil cinneadh a dhíriú ar réimse an idirdhealaithe laistigh de réimse chleachtas na múinteoirí aonair. Is iad seo a leanas na ráitis ábhartha ar chleachtais éifeachtacha agus ar na cleachtais fíoréifeachtacha:

CAIGHDEÁN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<i>Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc atá oiriúnach don sprioc foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí</i>	Déanann múinteoirí idirdhealú bríoch ar ábhar agus gníomhaíochtaí d'fhonn freastal ar riachtanais agus inniúlachtaí éagsúla na scoláirí.	Déanann múinteoirí idirdhealú bríoch ar ábhar agus gníomhaíochtaí d'fhonn a chinntiú <b>go gcuirtear an dúshlán ar na scoláirí uile ag na gníomhaíochtaí foghlama agus go mbíonn rath orthu mar fhoghlaiméoirí.</b>

A luaithe agus a chuirtear an próiseas chun fianaise a bhailiú agus a mheas i gcrích, is féidir leis an scoil an ráiteas ar chleachtas éifeachtach a úsáid chun gnéithe dá gcleachtas a aithint atá ag teacht leis. B'fhéidir go n-aithneoidh an scoil freisin roinnt gnéithe den chleachtas atá ailínithe níos cóngaraí leis an gcleachtas fíoréifeachtach agus, b'fhéidir, gnéithe ina bhfuil an cleachtas níos lú ná éifeachtach. Cuideoidh an ráiteas ar chleachtas éifeachtach agus an ráiteas ar chleachtas fíoréifeachtach freisin le réimsí ar leith a aithint gur chóir do mhúinteoirí díriú orthu d'fhonn feabhsúcháin a dhéanamh agus a choinneáil. Féadfaidh siad seo *idirdhealú fiúntach* a áireamh nó a chinntiú go bhfaigheann *na foghlaiméoirí uile taithí ar an rath agus ar dhúshlán ina bhfoghlaim.*

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh pobal scoile atá ag féachaint ar an gcaidreamh idir an bord, an príomhoide agus cumann na dtuismitheoirí na ráitis seo a leanas ar chleachtas éifeachtach agus ar chleachtas fíoréifeachtach a úsáid:

CAIGHDEÁN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<i>Déanann siad caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne</i>	Cuidíonn agus tacaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí a ról comhpháirtíochta agus comhairle a dhéanamh.	Cuidíonn agus tacaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí a ról comhpháirtíochta agus comhairle a dhéanamh, agus <b>oibriú mar fhóram cuimsitheach, ag tacú le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí uile.</b>

Cuideoidh an ráiteas ar chleachtas éifeachtach leis an scoil breithiúnas a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil caidreamh éifeachtach ag an mbord agus an príomhoide le cumann na dtuismitheoirí. Má chinneann sé go bhfuil a chleachtas sa réimse seo níos lú ná éifeachtach agus má thugann sé tosaíocht dó mar réimse feabhsúcháin, ansin cuideoidh an bhéim ar chuidiú agus tacaíocht an bhoird agus an príomhoide agus ar ról comhpháirtíochta agus comhairle chumann na dtuismitheoirí leis an scoil réimsí a aithint gur chóir dóibh díriú orthu d'fhonn feabhsúcháin a chur i gcrích. Maidir le scoileanna a mheasann go bhfuil a gcleachtas sa réimse seo éifeachtach, cuideoidh an ráiteas ar chleachtas fíoréifeachtach, lena bhéim ar fhóram cuimsitheach do na tuismitheoirí uile, leo feabhsúcháin sa bhreis a chur i gcrích agus a choinneáil.

#### 4. Creat cuimsitheach le húsáid go roghnaitheach

Tugann an creat cáilíochta pictiúr cuimsitheach de theagasc agus foghlaim ardcháilíochta agus de cheannaireacht agus bainistíocht ardcháilíochta. Tá sé ceaptha chun an scóip is leithne agus is féidir a sholáthar do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do dhaoine eile an tsármhaitheas sa teagasc agus foghlaim agus sa cheannaireacht agus bainistíocht a aithint agus a bhaint amach. Mar sin féin, níor chóir gnéithe uile an chreata a áireamh in aon ghníomhaíocht amháin fhéinmhachnamhach nó mheastóireachta. Ba chóir do phríomhoidí scoile, ach go háirithe, féachaint ar an gcreat mar chumasóir don fhéinmhachnamh agus feabhsúchán agus ní mar sheicliosta dolúbtha. Mar achoimre, ceadaíonn an creat chun an méid is mó atá ábhartha a roghnú atá in oiriúint don aidhm ar leith atá ag an múinteoirí aonair nó scoileanna aonair.

Mar shampla, más mian le múinteoir aonair athmhachnamh agus feabhas a chur ar ghné dá t(h)eagasc féadfaidh sé/sí díriú ar chaighdeán nó dhó laistigh den réimse um chleachtas múinteoirí sa diminsean a bhaineann le teagasc agus foghlaim. Féadfaidh foireann scoile atá i gceannas ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile ar theagasc agus foghlaim laistigh den scoil réimse nó dhó sa diminsean a bhaineann le teagasc agus foghlaim a roghnú mar fhócas ar a gcuid oibre.

Beidh comhthéacs na scoile ina thoisic freisin chun mionsonra na hoibre leis an gcreat a chinneadh. Baineann na réimsí uile agus beagnach na caighdeáin uile leis na scoileanna uile, beag beann ar an gcomhthéacs. Ach ag leibhéal na ráitis ar chleachtas, áfach, is iad na comhthéacsanna scoile ar leith a chinnefidh cén ráitis ar chleachtas gur féidir a úsáid go fiúntach. Mar shampla, i ndiminsean na ceannaireachta agus na bainistíochta, níl sé úsáideach do cheannairí scoile i scoileanna beaga meastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtas ag baint úsáide as ráitis a dhéanann tagairt d'fhoirne ceannaireachta forleathana. Mar sin, bainfidh scoileanna úsáid as gach ceann de na réimsí agus de na caighdeáin chun athmhachnamh a dhéanamh ar phríomhréimsí, ach beidh solúbthacht shuntasach acu agus iad ag cinneadh cén ráitis a ndíreoidh siad orthu sa mheastóireacht agus as chur síos ar a leibhéal inniúlachta.

I gcónaí, ba chóir go mbeadh an bhéim ar ábharthacht an ráitis don scoil agus a úsáideacht chun feabhsúchán scoile a chur i gcrích.

#### 5. An Creat Cáilíochta - raon d'fheidhmeanna

Forbraíodh an creat seo chun tacú le raon leathan de chomhpháirtithe ar fud an chórais. Seo a leanas cuid d'úsáidí an chreata.

##### ATHMHACHNAMH

Príomhghné d'iompar na múinteoirí agus na gceannairí éifeachtacha is ea an cumas le hathmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas agus feabhsú dá bharr. B'fhéidir go n-áireoidh sé seo féinmhachnamh ina gceistíonn gairmeoirí a gcuid gníomhartha agus ina scrúdaíonn siad tionchar na ngníomhartha seo mar bhealach chun an dá rud a fheabhsú. B'fhéidir go n-áireoidh sé freisin athmhachnamh struchtúrtha le daoine eile agus iad ag féachaint le feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim agus ceannaireacht ina scoil. Is féidir an creat a úsáid:

- mar uirlis d'fhéinmhachnamh na múinteoirí agus na gceannairí agus mar thaca chun a n-acmhainn teagasc agus ceannaireachta féin a fhorbairt
- chun struchtúr a sholáthar don phiar-athmhachnamh laistigh de scoileanna agus freisin idir múinteoirí agus ceannairí i scoileanna éagsúla
- mar phointe comhrá chun plé agus anailís a ghiniúint ar theagasc agus foghlaim agus ar cheannaireacht laistigh den phobal scoile
- mar uirlis pleanála do mhúinteoirí, do cheannairí agus dóibh siúd atá ag súil le poist cheannaireachta a fháil dá bhforbairt ghairmiúil féin

## MÚINTEOIRÍ AGUS CEANNAIRÍ A FHORBAIRT AGUS A CHOTHÚ

Tá spéis shuntasach ag scoileanna aonair, agus ag an gcóras oideachais i gcoitinne, i bhforbairt agus cothú ar mhúinteoirí agus ar an nglúin reatha de cheannairí scoile, chomh maith leis an nglúin atá ag teacht. Tugann an creat struchtúr:

- trínar féidir príomhchéimeanna i bhforbairt na múinteoirí agus na gceannairí a mhapáil amach ar leibhéal na scoile agus leibhéal an chórais
- trínar féidir le scoileanna agus an córas a mheas cad iad na tacaí agus na heispéiris chuí atá de dhíth chun tacar sainscileanna na múinteoirí, na gceannairí agus na gceannairí ionchasacha a chur chun cinn
- trínar féidir le múinteoirí agus ceannairí le saintaithí comhairle agus treoir a sholáthar do mhúinteoirí agus ceannairí nua agus ag teacht chun cinn laistigh de scoileanna agus sa chóras oideachais i gcoitinne

## EARCAÍOCHT

Tá an earcaíocht ar mhúinteoirí, príomhoidí agus ceannairí scoile eile ar cheann de na tascanna is dúshlánaí a bhíonn roimh na pátrúin/iontaobhaithe, na boird bhainistíochta agus na príomhoidí scoile. Is féidir lena gcinntí tionchar fadtéarmach a bheith acu ar theagasc agus foghlaim ina scoileanna. Tugann an creat tacaíocht san iarracht seo ar na bealaí seo:

- béim a leagan ar na tacair sainscileanna agus gnéithe den dea-chleachtas atá lárnach sa dea-theagasc agus dea-fhoghlaim agus sa dea-cheannaireacht
- cuidiú le soiléireacht agus comhsheasmhacht in aon mheasúnú ar iarrthóirí thar earnálacha, comhlachtaí pátrúnachta/iontaobhaithe agus boird bhainistíochta
- a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag iarrthóirí ionchasacha teagasc agus ceannaireachta, agus iad siúd a bhíonn ag earcú iarrthóirí, ar fhreagrachtaí na múinteoirí agus na gceannairí scoile

## FORBAIRT GHAIRMIÚIL AR FUD AN CHÓRAIS

Faoi láthair, cuirtear tacaíocht do mhúinteoirí agus ceannairí scoile ar fáil ag raon leathan de chomhlachtaí lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta na Roinne, institiúidí tríú leibhéal, cumainn ghairmiúla, agus comhlachtaí bainistíochta agus pátrúnachta/iontaobhaithe. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint chomónta ar theagasc agus foghlaim agus ceannaireacht ardcháilíochta ar fud na n-eagras seo uile. Chuige seo, tacóidh an creat leis na comhlachtaí seo chun:

- cláir agus cúrsaí um forbairt ghairmiúil a forbairt le dearcadh comhsheasmhach ar cad is teagasc agus foghlaim agus ceannaireacht ardcháilíochta ann
- meastóireacht a dhéanamh ar láidreachtaí na gclár agus na gcúrsaí reatha agus deiseanna a fhiosrú d'fhorbairt níos mó
- machnamh a dhéanamh ar éilimh ó mhúinteoirí agus ó cheannairí atá ann faoi láthair agus ceannairí ionchasacha i gcomhthéacs na ndúshlán reatha

## TRÉDHEARCACHT, CUNTASACHT AGUS FEABHSÚCHÁN

Ar fud an chórais tá gá le soiléire níos mó i dtaca leis an méid a tharlaíonn nuair a bhíonn an teagasc, an foghlaim agus an ceannaireacht ag obair go maith. Tugann an creat seo:

- soiléireacht maidir leis an gcuma atá ar theagasc agus foghlaim éifeachtach agus ceannaireacht éifeachtach
- comhsheasmhacht sa mheasúnú ar láidreachtaí agus bealach chun réimsí forbartha a aithint
- treoir thrédhearcach chun tacú le múinteoirí agus ceannairí a bheith cuntasach dá bpobail
- mapa pearsanta i dtreo feabhsúcháin

**Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna - Forléargas**

	RÉIMSI	CAIGHDEÁIN
TEAGASC AGUS FOGHLAIM	Torthaí na bhfoghlaim	Maidir leis na scoláirí: baineann siad taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaim tá an t-eolas agus na scileanna riachtanacha acu chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint léiríonn siad an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá de dhíth ar churaclam na hiar-bhunscoile baineann siad amach na torthaí foghlama atá luaite do gach ábhar, cúrsa agus clár
	Eispéiris na bhfoghlaim	Maidir leis na scoláirí: glacann siad páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha fásann siad mar fhoghlaim trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacaíoch déanann siad athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaim agus forbraíonn siad mothúchán d'úinéireacht agus de fhreagracht as a bhfoghlaim faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearchtaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
	Cleachtas aonair na múinteoirí	Maidir leis an múinteoir: tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíochta agus na scileanna bainistíochta seomra ranga riachtanacha aige/aici roghnaíonn agus úsáideann sé/sí cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn roghnaíonn agus úsáideann sé/sí cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na cuspóirí foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí freagraíonn sé/sí do riachtanais foghlama aonair agus idirdhealaíonn sé/sí gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama mar is gá
	Cleachtas comhoibríoch na múinteoirí	Maidir leis na múinteoirí: tá meas acu ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu oibríonn siad le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de i gcomhar lena chéile forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaoifa cuidíonn siad leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a roinnt
CEANNAIREACT AGUS BAINISTÍOCHT	Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc	Maidir leis na ceannairí scoile: cuireann siad cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn cothaíonn siad tiomantas don chuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach scoláire bainíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm churaclam na scoile cothaíonn siad forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a shaibríonn foghlaim na múinteoirí agus na scoláirí
	An eagraíocht a bhainistiú	Maidir leis na ceannairí scoile: bunaíonn siad timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil, agus coinníonn siad i trí chumarsáid éifeachtach bainíonn siad acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil bainíonn siad staideanna dúshlánacha agus casta ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus cóir forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn
	Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile	Maidir leis na ceannairí scoile: cuireann siad an fhís atá mar threoir ag an scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar bhaint amach na físe sin bíonn siad i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach na féinmheastóireachta déanann siad caidrimh a thógáil agus a choinneáil laistigh den scoil, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne déanann siad bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil ar an athrú d'fhonn freagairt ar riachtanais na scoile atá ag athrú agus ar athruithe san oideachas
	Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt	Maidir leis na ceannairí scoile: déanann siad measúnú ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbraíonn siad an tuiscint atá acu ar cheannaireacht inbhuanaithe agus éifeachtach cuireann siad ar chumas na foirne ról cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm cothaíonn siad agus éascaíonn siad an fhorbairt ar ghuth na scoláirí, rannpháirtíocht na scoláirí agus ceannaireacht na scoláirí tógann siad líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile

## Na ráitis ar chleachtas – teagasc agus foghlaim

## RÉIMSE 1: TORTHAÍ NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Baineann scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimoirí	<p>Tá an taitneamh a bhaineann na scoláirí as an bhfoghlaim soiléir agus go minic tá sé nasctha le mothúchán go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus iad ag gnóthachtáil. Cuidíonn a rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim lena mothúchán folláine.</p> <p>Spreagtar na scoláirí chun foghlama, agus bíonn sé seo nasctha go minic le mothúchán soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte.</p> <p>Féachann na scoláirí orthu féin mar fhoghlaimoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile.</p>	<p>Tá an taitneamh a bhaineann na scoláirí as an bhfoghlaim soiléir agus eascraíonn sé as mothúchán go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu agus iad ag gnóthachtáil. Cuidíonn a rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim lena mothúchán folláine.</p> <p>Spreagtar na scoláirí chun foghlama trí mhothúchán soiléir a bheith acu de thorthaí foghlama insroichte agus dúshlánacha.</p> <p>Féachann na scoláirí orthu féin mar fhoghlaimoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach agus athmhachnamhach i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile.</p>
Tá an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag na scoláirí chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint	<p>Léiríonn na scoláirí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Tá siad ábalta an t-eolas seo a úsáid chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine.</p> <p>Tá na scileanna ag na scoláirí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá.</p> <p>Léiríonn na scoláirí dearcadh fiosrach fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu.</p>	<p>Léiríonn na scoláirí eolas, atá oiriúnach dá gcéim san fhorbairt, ar a gcuid iompraíochta mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa. Úsáideann siad an t-eolas seo go cásmhar chun staideanna a bhainistiú agus chun tacú lena gcuid folláine.</p> <p>Tá na scileanna ag na scoláirí chun a gcuid iompraíochta a leasú agus a chur in oiriúint nuair is gá, agus aithníonn siad féin an gá chun é seo a dhéanamh.</p> <p>Léiríonn na scoláirí dearcadh fiosrach agus oscailte fúthu féin agus faoi dhaoine timpeall orthu.</p>
Léiríonn na scoláirí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá de dhíth ar churaclam na hiar-bhunscoile	<p>Forbraítear scileanna na scoláirí a bhaineann go sainiúil le hábhair i gcomhréir leis na torthaí foghlama ábhartha don siollabas, sonrúchán nó cúrsa.</p> <p>Léiríonn na scoláirí eolas ábhair agus scil ábhair atá go maith ag leibhéal cuí, agus léiríonn siad é seo ag na pointí measúnaithe cuí sa bhliain nó sa tsraith.</p> <p>Tá inniúlacht bainte amach i gcoitinne ag scoláirí na Sraithe Sóisearaí sna príomhscileanna forordaithe atá iomchuí dá gcéim sa tsraith.</p> <p>Tá inniúlacht bainte amach i gcoitinne ag scoláirí na Sraithe Sinsearaí sna scileanna atá de dhíth don bhfoghlaim rathúil sna cláir atá leanúint acu.</p>	<p>Forbraítear scileanna na scoláirí a bhaineann go sainiúil le hábhair i gcomhréir leis na torthaí foghlama ábhartha don siollabas, sonrúchán nó cúrsa.</p> <p>Léiríonn na scoláirí eolas ábhair agus scil ábhair atá an-mhaith ag leibhéal cuí, agus léiríonn siad é seo ag na pointí measúnaithe cuí sa bhliain nó sa tsraith.</p> <p>Tá inniúlacht bainte amach ag scoláirí na Sraithe Sóisearaí sna príomhscileanna forordaithe atá iomchuí dá gcéim sa tsraith.</p> <p>Tá inniúlacht bainte amach ag scoláirí na Sraithe Sinsearaí sna scileanna atá de dhíth don bhfoghlaim rathúil sna cláir atá leanúint acu.</p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Baineann na scoláirí amach na cuspóirí foghlama atá luaite do gach ábhar, cúrsa agus clár</p>	<p>Baineann na scoláirí amach na cuspóirí foghlama atá beartaithe don cheacht nó sraith de cheachtanna, atá idirdhealaithe mar is cuí más gá.</p> <p>Baineann na scoláirí amach na torthaí foghlama beartaithe don téarma agus don bhliain, atá idirdhealaithe mar is cuí más gá.</p> <p>Tá gnóthachtáil na scoláirí i measúnuithe suimitheacha, lena n-áirítear scrúduithe teistiméireachta, ag teacht le hionchais nó os a gcionn.</p>	<p>Baineann na scoláirí amach, agus <b>uaireanta sáraíonn siad</b>, na cuspóirí foghlama atá beartaithe don cheacht nó sraith de cheachtanna, atá idirdhealaithe mar is cuí más gá.</p> <p>Baineann na scoláirí amach na torthaí foghlama beartaithe, <b>agus uaireanta sáraíonn siad iad</b>, don téarma agus don bhliain, atá idirdhealaithe mar is cuí más gá.</p> <p>Tá gnóthachtáil na scoláirí i measúnuithe suimitheacha, lena n-áirítear scrúduithe teistiméireachta, ag teacht le hionchais nó os a gcionn.</p>

## RÉIMSE 2: EISPÉIRIS NA bhFOGHLAIMEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p><b>Glacann na scoláirí páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha</b></p>	<p>Léiríonn na scoláirí leibhéal arda spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim.</p> <p>Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach fiúntach.</p> <p>Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú.</p> <p>Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal cumasach.</p>	<p>Léiríonn na scoláirí leibhéal <b>an-arda</b> spéise agus rannpháirtíochta san fhoghlaim.</p> <p>Thig leo obair a dhéanamh go neamhspleách agus go comhoibríoch ar bhealach <b>an-chuspóireach agus an-táirgiúil</b>.</p> <p>Tuigeann siad an aidhm atá leis na tascanna foghlama ina bhfuil siad páirteach agus tá siad ábalta iad a mhíniú, agus <b>tá siad ábalta an ghníomhaíocht a leathnú agus a fhorbairt go fiúntach</b>.</p> <p>Tá siad ábalta tuairisciú ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngníomhaíochtaí foghlama, iad a chur i láthair agus iad a mhíniú, go leibhéal <b>an-chumasach</b>.</p>
<p><b>Fásann na scoláirí mar fhoghlaimoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacaíoch</b></p>	<p>Bíonn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí ómósach agus dearfach, agus cuiditheach don fholláine.</p> <p>Tacaíonn caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir foghlama le timpeallacht foghlama atá comhoibríoch agus táirgiúil.</p> <p>Tugann eispéiris na scoláirí mar fhoghlaimoirí léiriú maith ar an gcaoi ina dtuigtear agus ina gcuirtear an cód iompraíochta i bhfeidhm.</p> <p>Mothaíonn na scoláirí go bhfuil siad ábalta a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas a chur in iúl sa phlé ranga. Éistean siad go hómósach le tuairimí agus le heispéiris a gcomhscoláirí sa rang.</p> <p>Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta go muiníneach. Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus glacann siad leis go bhfuil botúin mar chuid den phróiseas foghlama.</p> <p>Léiríonn siad leibhéal dóthanach de spreagadh chun páirt a ghlacadh agus chun leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti.</p>	<p>Bíonn idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí agus idir na scoláirí agus múinteoirí <b>an-ómósach agus dearfach</b>, agus cuiditheach don fholláine.</p> <p><b>Cruthaíonn agus coinníonn</b> caidreamh agus idirghníomhaíochtaí i seomraí ranga agus limistéir foghlama timpeallacht foghlama atá comhoibríoch agus táirgiúil.</p> <p>Tugann eispéiris na scoláirí mar fhoghlaimoirí léiriú <b>maith comhsheasmhach</b> ar an gcaoi ina dtuigtear agus ina gcuirtear an cód iompraíochta i bhfeidhm.</p> <p>Cuireann na scoláirí a gcuid tuairimí agus a gcuid eispéireas in iúl sa phlé ranga <b>go muiníneach</b>. Tá <b>meas acu agus suim acu</b> i dtuairimí agus eispéiris a gcomhscoláirí sa rang.</p> <p>Cuireann siad ceisteanna agus molann siad réitigh indéanta <b>go han-mhuiníneach</b>. Tá siad sásta dul sa tseans le freagraí míchearta, agus <b>tuigeann siad an luach atá le botúin a dhéanamh, ag baint úsáide astu mar dheiseanna foghlama</b>.</p> <p>Léiríonn siad <b>leibhéal ard de spreagadh</b>, agus <b>baineann siad taitneamh as páirt a ghlacadh agus leanúint le hobair a bhfuil méadú sa dúshlán inti</b>.</p>



CAIGHDEÁIN	RÁÍTIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁÍTIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Déanann na scoláirí athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaim agus forbraíonn siad mothúchán d'úinéireacht agus de fhreagracht as a bhfoghlaim</p>	<p>Déanann na scoláirí measúnú ar a ndul chun cinn agus tá siad eolach ar a láidreachtaí agus réimsí forbartha mar fhoghlaim.</p> <p>Tá siad bródúil as a gcuid oibre agus leanann siad an treoir a fhaigheann siad chun í a fheabhsú.</p> <p>Déanann siad machnamh ar a gcuid iompraíochta agus ar a ndearcadh i leith na foghlama, agus tá siad ábalta cuidiú le spriocanna fiúntacha a shocrú dóibh féin.</p> <p>Nuair a thugann curaclam na scoile deiseanna chun é a dhéanamh, tá na scoláirí ábalta a bhfoghlaim a idirbheartú agus ar an mbealach sin a neamhspleáchas mar fhoghlaim a mhéadú.</p> <p>Glacann na scoláirí freagracht as a bhfoghlaim féin, agus úsáideann siad na hacmhainní foghlama a chuirtear ar fáil dóibh chun a scileanna a fhorbairt agus a gcuid eolais a leathnú.</p>	<p>Déanann na scoláirí measúnú ar a ndul chun cinn <b>go réaltaíoch</b> agus tá siad ábalta <b>cur síos</b> a thabhairt ar a láidreachtaí agus réimsí forbartha mar fhoghlaim.</p> <p>Tá <b>mothúchán úinéireachta acu i leith a gcuid oibre</b>, tá siad bródúil aisti, agus <b>glacann siad freagracht as í a fheabhsú.</b></p> <p>Déanann siad machnamh ar a gcuid iompraíochta agus ar a ndearcadh i leith na foghlama, <b>agus tá siad ábalta spriocanna pearsanta fiúntacha a shocrú mar thoradh ar a n-athmhachnamh.</b></p> <p>Nuair a thugann curaclam na scoile deiseanna chun é a dhéanamh, <b>déanann na scoláirí a bhfoghlaim a idirbheartú</b> agus ar an mbealach sin méadaíonn siad a neamhspleáchas <b>agus a n-éifeachtacht</b> mar fhoghlaim.</p> <p>Glacann na scoláirí freagracht as a bhfoghlaim féin, agus úsáideann siad na hacmhainní foghlama a chuirtear ar fáil dóibh, agus <b>iad siúd a aimsíonn siad iad féin</b>, chun a scileanna a fhorbairt agus a gcuid eolais a leathnú .</p>
<p>Faigheann na scoláirí deiseanna chun na scileanna agus na dearchtaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil</p>	<p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha idir an fhoghlaim in ábhair agus réimsí éagsúla an churaclaim.</p> <p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha idir an fhoghlaim scoilbhunaithe agus an fhoghlaim a tharlaíonn i gcomhthéacsanna eile.</p> <p>Is féidir leis na scoláirí, le roinnt treorach, scileanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs amháin a aistriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs eile.</p> <p>Tá na scoláirí eolach faoi na príomhscileanna atá mar bhonn leis an gcuraclam agus faoina n-ábharthacht don fhoghlaim faoi láthair agus sa todhchaí.</p> <p>Glacann siad leis na deiseanna a thugann eispéiris foghlama an churaclaim agus eispéiris foghlama eile chun na príomhscileanna sin a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.</p> <p>Tá tuiscint ag na scoláirí, atá oiriúnach dá n-aois, ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus tá siad dea-mhéineach i leith an oideachais agus na hoiliúna leantaí.</p>	<p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha <b>agus dhilse</b> idir an fhoghlaim in ábhair agus réimsí éagsúla an churaclaim.</p> <p>Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha <b>agus dhilse</b> idir an fhoghlaim scoilbhunaithe agus an fhoghlaim a tharlaíonn i gcomhthéacsanna eile.</p> <p>Is féidir leis na scoláirí, <b>ar a dtreallús féin</b>, scileanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs amháin a aistriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs eile.</p> <p>Tá na scoláirí ábalta na príomhscileanna atá mar bhonn leis an gcuraclam <b>a mhíniú</b> agus <b>tuigean siad</b> a n-ábharthacht don fhoghlaim faoi láthair agus sa todhchaí.</p> <p>Glacann siad leis na deiseanna a thugann eispéiris foghlama an churaclaim agus eispéiris foghlama eile chun na príomhscileanna sin a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt <b>go feasach agus go stuama.</b></p> <p>Tá tuiscint ag na scoláirí, atá oiriúnach dá n-aois, ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus <b>samhlaíonn siad iad féin ag glacadh páirt san oideachas agus oiliúint leantach.</b></p>

## RÉIMSE 3: CLEACHTAS AONAIR NA MÚINTEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíochta agus na scileanna bainistíochta seomra ranga riachtanacha ag an múinteoir	<p>Tá na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha ag na múinteoirí agus tá páirt glactha acu i raon d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL).</p> <p>Cruthaíonn na múinteoirí timpeallacht foghlama atá cuimsitheach, ordúil agus dírithe ar na scoláirí agus atá bunaithe ar mheas, dearbhú agus muinín frithpháirteach.</p> <p>Tá ionchais arda ag na múinteoirí d'obair agus iompraíocht na scoláirí, agus cuireann siad na hionchais sin in iúl go héifeachtach do na scoláirí.</p> <p>Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna agus eolas ar a réimsí ábhair.</p> <p>Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna oideolaíochta atá de dhíth ina réimse ábhair.</p> <p>Trína ndíograis féin agus an taitneamh a bhaineann siad as a réimse ábhair, spreagann na múinteoirí na scoláirí chun páirt a ghlacadh ina bhfoghlaim agus taitneamh a bhaint aisti.</p>	<p>Tá na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha ag na múinteoirí agus tá páirt glactha acu i raon d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) atá ábhartha d'fhoghlaim na scoláirí.</p> <p>Cruthaíonn na múinteoirí timpeallacht foghlama atá cuimsitheach, ordúil agus dírithe ar na scoláirí agus atá bunaithe ar mheas, dearbhú agus muinín frithpháirteach, <b>ina ndéanann na scoláirí rialú agus monatóireacht ar a gcuid iompraíochta féin.</b></p> <p>Tá ionchais arda ag na múinteoirí d'obair agus iompraíocht na scoláirí, agus cuireann siad na hionchais sin in iúl go héifeachtach do na scoláirí, agus <b>cuidíonn siad leis na scoláirí iad a fhoghlaim.</b></p> <p>Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna agus eolas ar a réimsí ábhair agus <b>tá siad ábalta iad seo a nascadh le réimsí eile ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de.</b></p> <p>Léiríonn na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna oideolaíochta atá de dhíth ina réimse ábhair agus <b>chun foghlaim na scoláirí a fhorbairt ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de.</b></p> <p><b>Deilbhíonn</b> na múinteoirí díograis agus taitneamh san fhoghlaim, agus <b>ar an mbealach sin cruthaíonn siad timpeallacht foghlama ina mbíonn na scoláirí féinspreagtha</b> chun páirt a ghlacadh ina bhfoghlaim, í a <b>leathnú</b> agus taitneamh a bhaint aisti.</p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na scoláirí chun cinn</p>	<p>Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na scoláirí.</p> <p>Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhaíochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna.</p> <p>Aithníonn agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré acmhainní atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna, agus do riachtanais foghlama an ranga.</p> <p>Áiríonn ullmhúchán na múinteoirí ullmhúchán don idirdhealú ar cuspóirí foghlama agus gníomhaíochtaí foghlama, agus tá sé bunaithe ar úsáid fhiúntach sonraí.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí ar chuspóirí foghlama beartaithe an cheachta, nó na sraithe de cheachtanna, ag baint úsáide as measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama freisin.</p> <p>Áiríonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí ní hamháin measúnú ar eolas, ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin.</p> <p>Tugann na múinteoirí aiseolas cuiditheach, forbarthach ó bhéil agus scríofa go rialta do na scoláirí maidir lena gcuid oibre.</p> <p>Roinneann na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí sa chaoi is gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí fhéinmheasúnú agus piarmheasúnú.</p> <p>Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus roinnt.</p>	<p>Ainmníonn pleananna na múinteoirí cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais foghlama na scoláirí. <b>Léiríonn cuspóirí foghlama cur chuige forbarthach agus céimneach chun foghlaim na scoláirí a chur chun cinn.</b></p> <p>Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhaíochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna. <b>Tá dearadh an cheachta solúbtha chun deiseanna foghlama atá ag teacht chun cinn a cheadú.</b></p> <p>Aithníonn agus ullmhaíonn na múinteoirí go <b>críochnúil</b> roimh ré acmhainní <b>atá curtha in oiriúint chun meaitseáil a dhéanamh le</b> cuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna, agus do <b>riachtanais foghlama an ranga agus riachtanais foghlama na scoláirí aonair.</b></p> <p>Áiríonn ullmhúchán na múinteoirí ullmhúchán don idirdhealú ar cuspóirí foghlama agus gníomhaíochtaí foghlama, <b>lena n-áirítear deiseanna foghlama pearsanaithe</b>, agus tá sé bunaithe ar úsáid fhiúntach sonraí.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil chun measúnú a dhéanamh ar <b>na gnéithe ábhartha uile d'fhoghlaim na scoláirí</b> ag baint úsáide as measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú chun foghlama freisin.</p> <p>Áiríonn cleachtais mheasúnaithe na múinteoirí ní hamháin measúnú ar eolas, ach measúnú ar scileanna agus meonta freisin. <b>Cuireann na múinteoirí straitéisí measúnaithe in oiriúint chun freastal ar riachtanais foghlama aonair.</b></p> <p>Tugann na múinteoirí aiseolas cuiditheach, forbarthach ó bhéil agus scríofa go rialta do na scoláirí. <b>Baineann na múinteoirí úsáid as aiseolas chun oibriú leis na scoláirí ar straitéisí soiléire d'fheabhsúchán.</b></p> <p>Roinneann <b>agus comhchruthaíonn</b> na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí sa chaoi is gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí fhéinmheasúnú agus piarmheasúnú, agus <b>ainmníonn siad réimsí feabhsúcháin agus straitéisí chun feabhsú a bhaint amach.</b></p> <p>Coinníonn múinteoirí taifid mheasúnaithe atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirmhíniú agus comhroinnt, <b>agus curtha in oiriúint do riachtanais foghlama na scoláirí aonair.</b></p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na cuspóirí foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí	<p>Déanann na múinteoirí cuir chuige a roghnú agus a úsáid go straitéiseach chun meaitseáil a dhéanamh do chuspóir foghlama an cheachta agus freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí.</p> <p>Tugann na múinteoirí teagasc dea-cháilíochta atá dírithe ar rannpháirtíocht na scoláirí a mhealladh. Coinníonn na múinteoirí cothromaíocht idir a n-ionchur féin agus rannpháirtíocht agus freagra táirgiúil na scoláirí.</p> <p>Baineann na múinteoirí úsáid as raon de mhodhanna ceistiúcháin go héifeachtach do chúiseanna éagsúla lena n-áirítear freagraí suntasacha a mhealladh ó na scoláirí agus cuidiú le rannpháirtíocht níos doimhne le hábhar an cheachta.</p> <p>Déanann na múinteoirí ábhar agus gníomhaíochtaí a idirdhealú go bríoch d'fhonn freastal ar riachtanais agus inniúlachtaí na scoláirí.</p> <p>Forbraíonn na múinteoirí go cuspóireach scileanna ábhartha litearthachta agus uimhearthachta le linn na gceachtanna.</p> <p>Cuireann na múinteoirí ar chumas na scoláirí naisc fhiúntacha a dhéanamh idir ábhar an cheachta agus a bhfoghlaím in ábhair eile agus in áiteanna eile.</p>	<p>Déanann na múinteoirí cuir chuige a roghnú agus a úsáid go straitéiseach chun meaitseáil a dhéanamh do chuspóir foghlama an cheachta agus freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí, agus <b>tuilleadh deiseanna foghlama a oscailt suas.</b></p> <p>Tugann na múinteoirí teagasc <b>ard-éifeachtach</b> atá dírithe ar rannpháirtíocht <b>dhomhain</b> na scoláirí a mhealladh. Déanann na múinteoirí <b>bainistíocht oilte ar a gcuid ionchuir féin chun</b> rannpháirtíocht agus freagra táirgiúil na scoláirí <b>is fearr a fháil.</b></p> <p>Baineann na múinteoirí úsáid as raon de mhodhanna ceistiúcháin go héifeachtach do chúiseanna éagsúla lena n-áirítear freagraí suntasacha a mhealladh ó na scoláirí agus cuidiú le rannpháirtíocht níos doimhne le hábhar an cheachta agus <b>an fhoghlaim a shineadh níos faide amach ná an ceacht.</b></p> <p>Déanann na múinteoirí ábhar agus gníomhaíochtaí a idirdhealú go bríoch d'fhonn <b>a chinntiú go dtugtar an dúshlán do na scoláirí uile ag na gníomhaíochtaí foghlama agus go mbíonn rath orthu uile mar fhoghlaiméirí.</b></p> <p>Déanann na múinteoirí scileanna ábhartha litearthachta agus uimhearthachta <b>a chomhtháthú i gcreat an cheachta.</b></p> <p>Cuireann na múinteoirí ar chumas na scoláirí naisc fhiúntacha a dhéanamh idir ábhar an cheachta agus a bhfoghlaím in ábhair eile agus in áiteanna eile agus <b>a bhfoghlaím a aistriú chuig eispéiris choimhthíocha.</b></p>
Freagraíonn an múinteoir do riachtanais foghlama aonair agus idirdhealaíonn sé/sí gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama mar is gá	<p>Tá na múinteoirí eolach faoi riachtanais foghlama aonair na scoláirí, agus cuireann siad cleachtais teagaisc agus foghlama in oiriúint chun cuidiú leis na scoláirí dúshlán a shárú.</p> <p>Pléann na múinteoirí le tuairimí, meonta agus comhthéacsanna na scoláirí, agus leasaíonn siad a gcleachtas teagaisc chun deiseanna a úsáid agus chun déileáil le haon srianta a chuireann siad i láthair.</p>	<p>Tá na múinteoirí eolach faoi riachtanais foghlama aonair na scoláirí, agus <b>déanann siad idirghabhálacha pearsanaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm</b> chun cuidiú leis na scoláirí dúshlán a shárú.</p> <p>Pléann na múinteoirí le tuairimí, meonta agus comhthéacsanna na scoláirí, agus leasaíonn siad a gcleachtas teagaisc chun deiseanna a úsáid agus chun déileáil le haon srianta a chuireann siad i láthair. <b>Cuireann na múinteoirí ar chumas na scoláirí tairbhe a bhaint as na deiseanna seo agus a srianta a shárú.</b></p>

## RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN/COMHOIBRÍOCH NA MÚINTEOIRÍ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Tá meas ag na múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu</p>	<p>Aithníonn na múinteoirí go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus comhoibriú lárnach ina gcuid oibre.</p> <p>Baineann na múinteoirí úsáid as am do chruinnithe foirmiúla agus don phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh lena chéile ar a gcuid oibre.</p> <p>Glacann na múinteoirí páirt go gníomhach agus go táirgiúil le soláthraithe éagsúla FGL lena n-áirítear FGL eagraithe scoilbhunaithe.</p> <p>Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin agus a shásaíonn riachtanais na scoláirí agus na scoile.</p> <p>Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch.</p> <p>Cuireann na múinteoirí cuir chuige scoile uile i leith an teagaisc agus na foghlama i bhfeidhm chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí na scoláirí.</p>	<p>Aithníonn agus <b>dearbhaíonn</b> na múinteoirí go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus comhoibriú lárnach ina gcuid oibre.</p> <p>Baineann na múinteoirí úsáid as am do chruinnithe foirmiúla agus don phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh lena chéile ar a gcuid oibre.</p> <p><b>Is í an scoil an phríomhionad do FGL na múinteoirí</b> agus glacann na múinteoirí páirt go gníomhach agus go táirgiúil i gclár FGL.</p> <p>Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin, a shásaíonn riachtanais na scoláirí agus na scoile, agus a <b>fheabhsaíonn comhcleachtas</b>.</p> <p>Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch, agus <b>don athbhreithniú comhoibríoch ar chleachtas</b>.</p> <p><b>Comhaontaíonn na múinteoirí le chéile</b> agus cuireann siad cuir chuige scoile uile i leith an teagaisc agus na foghlama i bhfeidhm chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí na scoláirí.</p>
<p>Oibríonn na múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de</p>	<p>Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na scoláirí naisc fhiúntacha a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch ar eispéiris foghlama a chuidíonn leis na scoláirí an fhoghlaim a fheiceáil mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil.</p> <p>Oibríonn na múinteoirí go héifeachtach lena chéile agus leis na tuismitheoirí chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama aitheanta acu.</p> <p>Úsáideann na múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile leis na tuismitheoirí go cuiditheach chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a leanáil.</p> <p>Comhoibríonn na múinteoirí le pearsanra seachtrach ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama fhiúntacha a sholáthar do na scoláirí.</p>	<p>Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na scoláirí naisc atá fiúntach agus <b>atá níos dúshlánaí de réir a chéile</b> a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla.</p> <p>Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch ar eispéiris foghlama a <b>chuidíonn agus a chumasaíonn</b> na scoláirí chun an fhoghlaim a fheiceáil mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil.</p> <p>Oibríonn na múinteoirí <b>go han-éifeachtach</b> lena chéile agus leis na tuismitheoirí chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama aitheanta acu.</p> <p>Úsáideann na múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus cumarsáid eile leis na tuismitheoirí <b>go han-chuiditheach</b> chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a leanáil agus a <b>bhforbairt mar fhoghlaiméoirí</b>.</p> <p>Comhoibríonn na múinteoirí le pearsanra seachtrach ábhartha agus cuí chun eispéiris foghlama fhiúntacha a sholáthar do na scoláirí, agus <b>oibríonn siad le chéile chun a chinntiú go ndéantar an fhoghlaim a chomhtháthú</b>.</p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa</p>	<p>Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.</p> <p>Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí seo cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é.</p> <p>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus áiríonn sé an comhathbhreithniú ar obair na scoláirí.</p> <p>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisicint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire.</p>	<p>Pléann na múinteoirí leis an measúnú mar iarracht chomhoibríoch chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a ngnóthachtáil a thomhas.</p> <p>Tá polasaí scoile uile um measúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá iomchuí don churaclam agus dá scoláirí. Áiríonn an polasaí cleachtais um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é agus <b>déantar athbhreithniú air i gcomhar lena chéile.</b></p> <p>Tá cur chuige scoile uile forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile i dtaca le haiseolas ó bhéil agus aiseolas scríofa a sholáthar do na scoláirí. Cuirtear an cur chuige seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus tá sé <b>bunaithe ar an gcomhathbhreithniú ar obair na scoláirí.</b></p> <p>Tá taifid ar mheasúnú forbartha ag na múinteoirí i gcomhar lena chéile atá soiléir, úsáideach agus éasca le léirthuisicint agus roinnt. Tugann na taifid seo pictiúr cuimsitheach de na gnóthachtálacha agus na riachtanais atá ag gach scoláire agus <b>tógtar orthu de réir a chéile de réir mar a ghluaiseann an scoláire tríd an scoil.</b></p>
<p>Cuidíonn na múinteoirí leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a chomhroinnt</p>	<p>Aithníonn na múinteoirí an luach atá le hacmhainn foirne uile a thógáil agus tá siad sásta a saintaithí a roinnt leis na múinteoirí eile sa scoil.</p> <p>Tá na múinteoirí sásta a saintaithí a roinnt le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne, agus cuairteanna scoile.</p> <p>Gabhann na múinteoirí go rialta d'athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais teagaisc agus foghlama.</p> <p>Tá na múinteoirí oscailte chun saineolas comhoibríoch a thógáil sna scileanna agus cuir chuige atá riachtanach chun cuidiú le foghlaim na scoláirí don todhchaí.</p>	<p>Cuireann na múinteoirí <b>luach ar an ról atá acu laistigh d'eagraíocht ghairmiúil foghlama</b>, agus <b>mar ghnáthnós</b> roinneann siad a saintaithí leis na múinteoirí eile sa scoil.</p> <p><b>Roinneann</b> na múinteoirí a saintaithí le múinteoirí ó scoileanna eile, mar shampla trí ionaid oideachais, fóraim ar líne, agus cuairteanna scoile.</p> <p>Gabhann na múinteoirí go rialta d'athbhreithniú comhoibríoch gairmiúil ar chleachtais teagaisc agus foghlama, agus úsáideann siad é <b>chun cuir chuige éifeachtacha a aithint agus tógáil orthu.</b></p> <p>Tá na múinteoirí <b>réamhghníomhach</b> chun saineolas comhoibríoch a thógáil sna scileanna agus cuir chuige atá riachtanach chun cuidiú le foghlaim na scoláirí don todhchaí.</p>

## Na ráitis ar chleachtas – ceannaireacht agus bainistíocht

### RÉIMSE 1: CEANNAIREACHT AR FHOGLAIM AGUS AR THEAGASC

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Cuireann siad cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn	<p>Oibríonn an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil chun cultúr foghlama a chur chun cinn. Bíonn ionchais arda acu i gcoitinne do na scoláirí agus treoraíonn siad an fhoireann a dhéanann le torthaí feabhsaithe a bhaint amach. Tacaíonn siad le cleachtas athmhachnamhach agus cuireann siad cultúr feabhsúcháin chun cinn.</p> <p>Baineann an príomhoide, in éineacht leo siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, úsáid as an bhFéimheastóireacht Scoile chun teagasc a spreagadh atá mealltach agus dúshlánach, agus chun spéis na scoláirí san fhoghlaim a mhéadú.</p> <p>Spreagann an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun a gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt, agus chun a gcleachtas a roinnt.</p> <p>Cothaíonn siad an nuálaíocht agus cruthaitheacht. Aithníonn siad an luach atá ar ionchuir agus gnóthachtálacha an duine aonair agus comhchoiteanna.</p>	<p>Déanann an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil <b>cultúr a chothú ina mbíonn borradh ar an bhfoghlaim.</b> Treoraíonn siad an <b>pobal scoile a dhícheall a dhéanamh go leanúnach ar an tsármhaitheas trí ionchais arda a leagan amach do na scoláirí.</b> Cuireann siad cultúr chun cinn <b>d'fheabhsúcháin leanúnach trí thacú le comhghleacaithe a bheith ina gcleachtóirí athmhachnamhacha.</b></p> <p>Baineann an príomhoide, in éineacht leo siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, úsáid <b>an-éifeachtach</b> as an bhFéimheastóireacht Scoile chun teagasc a spreagadh atá mealltach agus dúshlánach, agus chun <b>cur ar chumas na scoláirí uile a bheith ina bhfoghlaiméoirí gníomhacha agus spreagtha.</b></p> <p>Bíonn an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil <b>ag súil</b> agus spreagann siad na múinteoirí chun a gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt agus a leathnú, agus chun <b>cleachtais a roinnt a raibh rath orthu i bhfeabhsú foghlama.</b></p> <p>Cothaíonn siad an nuálaíocht agus cruthaitheacht <b>go gníomhach.</b> Cuireann siad <b>fáilte agus ceiliúran</b> siad ionchuir agus gnóthachtálacha an duine aonair agus comhchoiteanna.</p>
Cothaíonn siad tiomantas don chuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach scoláire	<p>Cinntíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide an soláthar de churaclam leathan agus deiseanna foghlama éagsúla.</p> <p>Cothaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu pobal scoile atá cuimsitheach.</p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu tiomanta do chinntiú go bhfuil na polasaithe scoile ábhartha uile cuimsitheach, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dá réir.</p> <p>Cloíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu le prionsabail na cuimsitheachta agus an cheartais shóisialta chun comhionannas deiseanna a chothú do na scoláirí. Déanann siad iarracht a chinntiú go dtacaíonn na baill uile den fhoireann leis an éiteas seo.</p>	<p><b>Cothaíonn</b> an bord bainistíochta agus an príomhoide <b>forbairt iomlánaíoch na scoláirí trí raon an-leathan de dheiseanna curaclaim, comhchuraclaim agus seachchuraclaim a sholáthar.</b></p> <p>Cothaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu pobal scoile atá cuimsitheach a <b>bhfuil luach soiléir ar an éagsúlacht agus a thugann an dúshlán don leithcheal.</b></p> <p><b>Cinntíonn</b> na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu go bhfuil na polasaithe scoile ábhartha uile cuimsitheach, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dá réir.</p> <p><b>Bunaíonn</b> na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu <b>prionsabail shoiléire</b> um chuimsitheacht agus ceartas sóisialta chun comhionannas deiseanna a <b>sholáthar ar fud na ngnéithe uile den saol scoile.</b> Déanann siad é seo i <b>gcomhoibriú leis an bhfoireann uile.</b></p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
	<p>Déanann na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bhainistíochta acu polasaithe agus cleachtais éifeachtacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le folláine oideachais, shóisialta agus phearsanta na scoláirí.</p> <p>Tá córais éifeachtacha ag an bpríomhoide agus ceannairí eile sa scoil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus forbairt na scoláirí. Aithníonn siad an tábhacht atá le monatóireacht chórasach chun cuidiú leis na scoláirí a gcumas iomlán a bhaint amach.</p>	<p>Déanann na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bhainistíochta acu polasaithe agus cleachtais <b>ard-éifeachtacha</b> a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le folláine oideachais, shóisialta agus phearsanta na scoláirí.</p> <p>Tá córais <b>ard-éifeachtacha</b> ag an bpríomhoide agus ceannairí eile sa scoil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus forbairt na scoláirí. <b>Cinntíonn siad go n-úsáidtear na córais seo chun cuidiú leis na scoláirí a gcumas iomlán a bhaint amach.</b></p>
<p><b>Bainistíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm churaclam na scoile</b></p>	<p>Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan agus cothrom ar fáil.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistíocht éifeachtúil ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam.</p> <p>Tá an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach tiomanta do chinntiú go gcuirtear curaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a chuireann eispéiris foghlama luachmhara ar fáil, agus tá siad ag obair chuige sin.</p> <p>Don chuid is mó, déanann an príomhoide deimhin de go bhfuil an leithdháileadh tráthchlár do gach ábhar i gcomhréir leis na treoirlínte sa siollabas/sonrúchán ábhair.</p>	<p>Cuireann an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan agus cothrom ar fáil, <b>ag déanamh iarrachtaí meáite agus oilte chun freastal ar riachtanais na scoláirí.</b></p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistíocht <b>straitéiseach</b> agus éifeachtúil ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam.</p> <p><b>Oibríonn</b> an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach <b>go cuspóireach chun a chinntiú go gcuirtear na gnéithe uile</b> de churaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a thugann <b>eispéiris foghlama luachmhara do na scoláirí uile.</b></p> <p>Déanann an príomhoide deimhin de go leithdháiltear am cuí do gach ábhar ar tháthchlár na scoile, i gcomhréir leis na treoirlínte sa siollabas/sonrúchán ábhair agus <b>riachtanais aitheanta na scoláirí.</b></p>
<p><b>Cothaíonn siad forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na scoláirí</b></p>	<p>Tacaíonn na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bhainistíochta acu le forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí i raon de réimsí.</p> <p>Féachann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach le deiseanna ábhartha agus cuspóireacha um forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a aimsiú. Spreagann siad an rannpháirtíocht mar bhealach chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.</p> <p>Tugann an príomhoide an príomhoide tánaisteach tacaíocht do rannpháirtíocht na múinteoirí i líonraí gairmiúla</p>	<p>Tacaíonn agus <b>cothaíonn</b> na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bhainistíochta acu forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí i raon de réimsí, <b>chun tacú le teagasc ardcháilíochta.</b></p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach <b>deimhin de go bhfuil an forbairt ghairmiúil bunaithe go daingean ar thaighde gníomhaíochta agus curtha in oiriúint do riachtanais aitheanta na scoile. Baineann siad an leas is mó agus is féidir as deiseanna chun forbairt a dhéanamh ar chumas agus inniúlacht na múinteoirí chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.</b></p> <p>Tugann an príomhoide an príomhoide tánaisteach tacaíocht agus <b>spreagadh</b> do rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí i líonraí gairmiúla <b>chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú.</b></p>



## RÉIMSE 2: AN EAGRAÍOCHT A BHAINISTIÚ

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p><b>Bunaíonn siad timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil, agus coinníonn siad í trí chumarsáid éifeachtach</b></p>	<p>Tá an bord bainistíochta agus an príomhoide eolach faoin a ndualgais reachtúla, agus oibríonn siad chun a chinntiú go ndéantar na riachtanais reachtúla agus polasaithe uile a shásamh.</p> <p>Comhlíonann an bord bainistíochta agus an príomhoide a ndualgas chun timpeallacht na sábháilteachta agus na folláine a chruthú sa scoil. Tá siad tiomanta do thimpeallacht slán agus sábháilte a sholáthar do na scoláirí uile agus don fhoireann uile.</p> <p>Tuigeann an bord bainistíochta agus an príomhoide freagrachtaí na scoile as cosaint leanaí agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cuireann siad iad seo in iúl go héifeachtach. Bíonn caidreamh acu mar is cuí leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistiú agus maoirseacht ar rith cothrom na scoile ó lá go lá. Chuige seo, forbraíonn siad córais éifeachtacha chun eolas a chur in iúl agus cuireann siad i bhfeidhm iad.</p>	<p>Tá an bord bainistíochta agus an príomhoide eolach <b>go hiomlán</b> faoina ndualgais reachtúla, agus oibríonn siad chun a <b>chinntiú</b> go ndéantar na riachtanais reachtúla agus polasaithe uile a shásamh <b>in am trátha</b>.</p> <p>Comhlíonann an bord bainistíochta agus an príomhoide a ndualgas chun timpeallacht na sábháilteachta agus na folláine a chruthú sa scoil. <b>Forbraíonn siad polasaithe shoiléire agus cuireann siad i bhfeidhm iad</b> chun sábháilteacht agus folláine na scoláirí uile agus na foirne uile a <b>chinntiú</b>.</p> <p><b>Tuigeann</b> an bord bainistíochta agus an príomhoide <b>go hiomlán</b> freagrachtaí na scoile as cosaint leanaí agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cuireann siad iad seo in iúl <b>go han-éifeachtach do phobal uile na scoile</b>. Bíonn caidreamh acu mar is cuí leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha. <b>Oibríonn siad go cuiditheach</b> leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach bainistiú agus maoirseacht ar rith cothrom na scoile ó lá go lá. Chuige seo, forbraíonn siad córais cumarsáide agus cuireann siad i bhfeidhm iad, córais a <b>chuireann ar chumas na mball uile den phobal scoile a bpáirt a imirt</b>.</p>
<p><b>Bainistíonn siad acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil</b></p>	<p>Oibríonn an príomhoide go maith leis an mbord bainistíochta chun eagraíocht foghlama a chruthú a sholáthraíonn eispéiris foghlama mhaithe do na scoláirí uile agus don fhoireann uile.</p> <p>Déanann an príomhoide ceannaireacht agus bainistíocht ar struchtúir eagraíochta sa scoil go héifeachtach.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an bord bainistíochta monatóireacht leanúnach ar úsáid na mbuiséad, an phearsanra, agus na n-acmhainní eile agus treoraíonn siad iad i dtreo tosaíochtaí foghlama atá ainmnithe.</p> <p>Bainistíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach acmhainní daonna go maith, ag féachaint leis na deiseanna foghlama is fearr a thabhairt do na scoláirí. Baineann siad úsáid as na múinteoirí d'fhonn úsáid mhaithe a bhaint as na láidreachtaí agus scileanna ar leith atá acu.</p> <p>Coinníonn an bord bainistíochta an foirgneamh agus na tailte go caighdeán maith. Cinntíonn sé go mbíonn soláthar agus cothabháil ar áiseanna agus trealamh teagaisc go caighdeán maith.</p>	<p>Oibríonn an príomhoide <b>go han-éifeachtach</b> leis an mbord bainistíochta chun eagraíocht foghlama a chruthú a sholáthraíonn eispéiris foghlama <b>ardcháilíochta</b> do na scoláirí uile agus don fhoireann uile.</p> <p>Déanann an príomhoide ceannaireacht agus bainistíocht ar struchtúir eagraíochta sa scoil <b>go han-éifeachtach</b>.</p> <p>Déanann an príomhoide agus an bord bainistíochta monatóireacht leanúnach ar úsáid na mbuiséad, an phearsanra, agus na n-acmhainní eile <b>d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ailínithe go le tosaíochtaí foghlama ainmnithe agus le plean straitéiseach na scoile</b>.</p> <p>Bainistíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach acmhainní daonna <b>go han-éifeachtach d'fhonn a chinntiú</b> go mbíonn an tionchar is mó ar fhoghlaim na scoláirí. Baineann siad úsáid as na múinteoirí <b>go straitéiseach chun an úsáid is fearr a bhaint as</b> na láidreachtaí agus scileanna ar leith atá acu.</p> <p>Coinníonn an bord bainistíochta an foirgneamh agus na tailte go caighdeán <b>an-ard</b>. Cinntíonn sé go mbíonn soláthar agus cothabháil ar áiseanna agus trealamh teagaisc go <b>caighdeán an-ard chun a chinntiú gur féidir an leas is fearr a bhaint astu</b>.</p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p><b>Bainistíonn siad staideanna dúshlánacha agus casta ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus cóir</b></p>	<p>Déanann an bord bainistíochta agus an príomhoide deimhin de go bhfuil polasaithe na scoile bunaithe ar phrionsabail an chóir agus na cothroime.</p> <p>Cothaíonn an príomhoide agus na ceannairí eile sa scoil timpeallacht scoile dhearfach agus spreagann siad idirghníomhaíochtaí ómósacha ag na leibhéil uile laistigh den phobal scoile.</p> <p>Nuair is gá, tá an bord bainistíochta agus an príomhoide réidh leis an dúshlán a thabhairt do ghníomhartha, iompraíochtaí agus cleachtais nach bhfuil ag teacht le caighdeáin eitice na scoil.</p> <p>Aithníonn an bord bainistíochta agus an príomhoide staideanna dúshlánacha nuair a tharlaíonn siad, agus uaireanta bíonn siad ag súil leo. Lorgaíonn siad réitigh agus i gcoitinne réitíonn siad cúrsaí go sásúil.</p> <p>Bunaíonn siad nósanna imeachta chun déileáil le coimhlint agus, don chuid is mó, tá siad ábalta leanúint leo go rathúil.</p>	<p>Déanann an bord bainistíochta agus an príomhoide deimhin de <b>go n-áiríonn luachanna na scoile an comhionannas, an cothroime agus an chóir do na scoláirí agus foireann uile, agus go gcuirtear iad sin in iúl go soiléir sna polasaithe.</b></p> <p><b>Múnlaíonn agus forbraíonn</b> an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach <b>cultúr láidir do mhúinín, meas agus cuntasacht roinnte.</b> Cothaíonn siad timpeallacht scoile <b>an-dearfach</b> agus spreagann siad idirghníomhaíochtaí ómósacha ag na leibhéil uile laistigh den phobal scoile.</p> <p>Tugann an bord bainistíochta agus an príomhoide an <b>dúshlán</b> do ghníomhartha, iompraíochtaí agus cleachtais nach bhfuil ag teacht le caighdeáin eitice na scoil.</p> <p>Bíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide <b>airdealleach</b> faoi staideanna a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach. Oibríonn siad <b>go réamhghabhálach agus go héifeachtach</b> chun iad a bhainistiú, agus glacann siad cur chuige a leagann an bhéim ar réiteach.</p> <p>Bunaíonn siad nósanna imeachta chun déileáil le coimhlint agus <b>cuireann siad in iúl go han-soiléir iad agus leanann siad iad mar is gá. Cuireann siad réitigh atá comhaontaithe i bhfeidhm go rathúil agus déanann siad monatóireacht orthu.</b></p>
<p><b>Forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn</b></p>	<p>Spreagann an príomhoide an fhoireann chun meastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtas féin.</p> <p>Spreagann sé/sí na múinteoirí le páirt a ghlacadh in athbhreithniú comhoibríoch ar a gcleachtas agus a thorthaí, ar mhaithe na cuntasachta gairmiúla.</p> <p>Buaileann an príomhoide leis na múinteoirí go bliantúil chun a gcuid oibre a phlé.</p> <p>Aithníonn an príomhoide múinteoirí a bhfuil deacrachtaí acu, agus tairgeann sé/sí tacaíocht chuí. Tuigeann an príomhoide a f(h)reagracht agus déanann sé/sí iarracht a chinntiú go ndéantar gníomh cuí.</p>	<p>Bíonn an príomhoide <b>ag súil, agus cuireann sé/sí ar chumas na múinteoirí anailís chriticiúil</b> agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtas féin.</p> <p><b>Cothaíonn sé/sí cultúr</b> d'athbhreithniú comhoibríoch ar chleachtais agus torthaí teagaisc agus foghlama, mar chuid de phróiseas éifeachtach um chuntasacht ghairmiúil. <b>Déanann sé/sí é seo ar bhealach daingean agus forbarthach.</b></p> <p><b>Laistigh den chultúr seo d'athbhreithniú comhoibríoch,</b> buaileann an príomhoide leis na múinteoirí go bliantúil chun a gcuid oibre agus a bhforbairt ghairmiúil a phlé.</p> <p>Déanann an príomhoide, <b>leis an mbord bainistíochta,</b> deimhin de go dtugtar tacaíocht go héifeachtach do mhúinteoirí a bhfuil deacrachtaí acu, <b>molann gníomh cuí más gá, agus cinntíonn go ndéantar gníomh.</b></p>

### RÉIMSE 3: CEANNAIREACHT AR FHORBAIRT NA SCOILE

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Cuireann siad an fhís atá mar threoir ag an scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar bhaint amach na físe sin</p>	<p>Tá an pátrún, an bord bainistíochta agus an príomhoide réamhghníomhach chun fis threorach a bhunú agus a choinneáil don scoil.</p> <p>Leagann fis threorach na scoile amach spriocanna agus ionchais don scoil mar phobal foghlama. Glacann an príomhoide freagracht as an bhfís threorach seo a chur in iúl, le tacú ón bpátrún/na hiontaobhaithe agus an bord bainistíochta.</p> <p>Cuireann an príomhoide an fhís threorach in iúl do na múinteoirí ar bhealach a spreagann iad chun a fheiceáil go gcomhlíonann siad a bhfreagrachtaí.</p> <p>Déanann an príomhoide gníomhartha dearfacha chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don fhoireann, agus chun ionchais arda a shocrú do na foghlaimeoirí.</p>	<p>Tá an pátrún, an bord bainistíochta agus an príomhoide onghníomhach chun fis threorach a bhunú agus a choinneáil don scoil .</p> <p>Leagann fis threorach na scoile amach spriocanna agus ionchais don scoil mar phobal foghlama. Glacann an príomhoide freagracht as an bhfís threorach seo a chur in iúl, agus <b>déanann sé/sí é seo go han-éifeachtach, ag obair leis</b> an bpátrún/na hiontaobhaithe agus an bord bainistíochta.</p> <p>Cuireann an príomhoide an fhís threorach <b>in iúl go soiléir</b> do na múinteoirí, <b>na tuismitheoirí agus na scoláirí</b> ar bhealach a <b>chumasaíonn an pobal scoile uile chun an fhís a chur ina gníomh.</b></p> <p><b>Spreagann agus gríosann</b> an príomhoide <b>na scoláirí, an fhoireann agus an pobal scoile uile. Socraíonn sé/sí ionchais arda do gach foghlaimeoir.</b></p>
<p>Bíonn siad i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach na féinmheastóireachta</p>	<p>Gabhann na daoine sin atá i gceannas ar an bhféinmheastóireacht scoile di mar phróiseas struchtúrtha le béim ar fheabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú.</p> <p>Aithníonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach gur chuid ríthábhachtach dá ról is ea ceannaireacht agus bainistíocht ar phleanáil gnímh d'fheabhsúcháin. Tá siad ag obair chun a chinntiú go gcuirtear pleananna feabhsúcháin i bhfeidhm ar bhonn scoile uile agus go ndéantar monatóireacht chórasach orthu.</p> <p>Déanann na daoine sin atá i gceannas ar an bhféinmheastóireacht scoile iarracht ionchais arda a bhunú trí phlean feabhsúcháin na scoile.</p> <p>Tá siad dírithe ar chur i bhfeidhm éifeachtach na ngníomhartha comhaontaithe agus tá siad tiomanta do thomhas a dhéanamh ar a dtionchar.</p>	<p>Gabhann na daoine sin atá i gceannas ar an bhféinmheastóireacht scoile di mar phróiseas struchtúrtha le béim ar fheabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú.</p> <p>Cuireann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach <b>a ról i bhfeidhm go han-chumasach</b> sa cheannaireacht agus bainistíocht ar phleanáil gnímh d'fheabhsúcháin. <b>Déanann siad deimhin de</b> go gcuirtear pleananna feabhsúcháin i bhfeidhm ar bhonn scoile uile agus go ndéantar monatóireacht chórasach orthu.</p> <p><b>Déanann na daoine sin atá i gceannas ar an bhféinmheastóireacht scoile siad deimhin de go mbíonn pleanáil feabhsúcháin na scoile bunaithe ar chultúr d'ionchais arda don fhoireann agus do scoláirí.</b></p> <p><b>Oibríonn siad go cuspóireach agus go han-éifeachtach le cinntiú go dtarlaíonn feabhsúcháin intomhaiste agus inaitheanta i dtorthaí na bhfoghlaimeoirí mar thoradh ar na gníomhartha a chuirtear i bhfeidhm.</b></p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p>Déanann siad caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne</p>	<p>Tugann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ómós agus tacaíocht don chomhpháirtíocht le tuismitheoirí mar bhealach chun tacú le foghlaim agus folláine na scoláirí. Tógann siad agus coinníonn siad caidreamh maith leis na tuismitheoirí.</p> <p>Tugann an bord bainistíochta agus an príomhoide cuidiú agus tacaíocht do chumann na dtuismitheoirí chun a ról comhpháirtíochta agus comhairle a chomhlíonadh.</p> <p>Tá naisc mhaithe ag an bpríomhoide agus ceannairí eile sa scoil le scoileanna agus soláthraithe oideachais eile chun deiseanna foghlama do na scoláirí a leathnú.</p> <p>Cruthaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil caidreamh maith leis an bpobal níos leithne.</p> <p>Bíonn cumarsáid ag an bpríomhoide leis na tuismitheoirí agus le comhpháirtithe eile trí bhealaí éagsúla. Bíonn cumarsáid dhá threo ann, agus tá struchtúir ann a chuidíonn le plé le comhpháirtithe.</p>	<p>Tugann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil ómós agus tacaíocht don chomhpháirtíocht le tuismitheoirí mar bhealach chun tacú le foghlaim agus folláine na scoláirí. Tógann siad agus coinníonn siad caidreamh <b>an-chuiditheach</b> leis na tuismitheoirí.</p> <p>Tugann an bord bainistíochta agus an príomhoide cuidiú agus tacaíocht do chumann na dtuismitheoirí chun a ról comhpháirtíochta agus comhairle a chomhlíonadh, agus <b>chun feidhmiú mar fhóram cuimsitheach, ag tacú le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí uile.</b></p> <p><b>Cruthaíonn agus coinníonn</b> an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil <b>caidreamh an-chuiditheach</b> le scoileanna agus soláthraithe oideachais eile chun deiseanna foghlama do na scoláirí a leathnú.</p> <p>Cruthaíonn <b>agus coinníonn</b> an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil caidreamh <b>atá chun tairbhe an dá thaobh</b> idir an scoil agus pobal níos leithne.</p> <p><b>Cruthaíonn agus coinníonn an príomhoide caidreamh cuiditheach trí chumarsáid éifeachtach agus rialta le comhpháirtithe uile na scoile ag baint úsáide as raon de mheáin. Lorgaíonn sé/sí tuairimí dhaoine eile agus éistean leo, agus glacann sé/sí páirt go foirmiúil i bplé an-éifeachtach leis na comhpháirtithe.</b></p>
<p>Déanann siad bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil ar an athrú d'fhonn freagairt ar riachtanais na scoile atá ag athrú agus ar athruithe san oideachas</p>	<p>Téann an príomhoide i dtaithí ar athruithe sa chomhthéacs nó sa timpeallacht pholasaí agus bainistíonn sé/sí cur i bhfeidhm na n-athruithe go maith.</p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil rólí cheannaireachta agus bhainistíochta acu eolach faoi riachtanais na scoile atá ag athrú, agus féachann siad le freagairt dóibh.</p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil rólí cheannaireachta agus bhainistíochta acu eolach faoi fhorbairtí oideachais agus tuigeann siad a n-ábharthacht don scoil. Féachann siad leis an eolas seo a úsáid go cruthaitheach.</p> <p>Baineann an príomhoide agus iad siúd atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile úsáid as próiseas na féinmheastóireachta le héifeachtacht ag méadú mar bhealach chun athrú a bhainistiú.</p>	<p><b>Léiríonn an príomhoide tuiscint shoiléir ar phróisis athraithe agus gabhann sé/sí do bhainistíocht athraithe ar bhealach atá comhoibríoch, solúbtha agus íogair.</b></p> <p>Tá na daoine sin a bhfuil rólí cheannaireachta agus bhainistíochta acu <b>airdeallach agus freagrúil</b> do riachtanais na scoile atá ag athrú.</p> <p><b>Coinníonn na daoine sin a bhfuil rólí cheannaireachta agus bhainistíochta acu ar an eolas faoi smaointeoireacht, forbairtí agus athruithe sa timpeallacht oideachais níos leithne agus úsáideann siad an t-eolas seo do dearfach chun tairbhe na scoile.</b></p> <p>Baineann an príomhoide agus iad siúd atá i gceannas ar fhéinmheastóireacht scoile úsáid as próiseas na féinmheastóireachta <b>go han-éifeachtach chun bainistiú a dhéanamh ar fhreagra na scoile ar riachtanais atá ag athrú.</b></p>

## RÉIMSE 4: ACMHAINN NA CEANNAIREACHTA A FHORBAIRT

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
Déanann siad measúnú ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbraíonn siad an tuiscint atá acu ar cheannaireacht éifeachtach agus inbhuanaithe	<p>Glacann na ceannairí scoile páirt go comhsheasmhach san fhéinmheastóireacht phearsanta i gcoinne caighdeán ábhartha gairmiúla.</p> <p>Ceistíonn siad a gcleachtas féin trí phróisis d'athmhachnamh pearsanta. Tá siad sásta obair a dhéanamh ar réimsí dá gcleachtas nach mór a fheabhsú.</p> <p>Tá an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí scoile eile eolach faoin a bhfolláine féin. Freagraíonn siad go maith do dhualgais agus éilimh phráinneacha.</p> <p>Déanann an príomhoide freagrachtaí a chur in ord tosaíochta agus a dháileadh go maith, don chuid is mó.</p> <p>Tá córais agus struchtúir á bhunú aige/aici chun freastal ar riachtanais tosaíochta na scoile.</p>	<p>Déanann an bord bainistíochta, an príomhoide agus ceannairí scoile eile athbhreithniú go rialta ar a gcleachtas agus forbairt ghairmiúil féin agus cleachtas agus forbairt ghairmiúil a chéile trí dhianphróisis féinmheastóireachta na scoile.</p> <p>Forbraíonn siad féinfheasacht trí cheistiú rialta ar a gcleachtas féin trí athmhachnamh pearsanta agus <b>comhoibríoch</b>. Déanann siad réimsí dá gcleachtas nach mór a fheabhsú a aithint agus oibríonn siad orthu.</p> <p>Tugann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí scoile eile <b>aire go rathúil dá bhfolláine féin, chomh maith le folláine dhaoine eile</b>. Freagraíonn siad <b>go comhréireach agus go cuiditheach</b> do dhualgais agus éilimh phráinneacha.</p> <p>Déanann an príomhoide freagrachtaí a chur in ord tosaíochta agus a dháileadh <b>go hionchuí agus go straitéiseach</b>.</p> <p>Déanann sé/sí deimhin de go bhfuil córais agus <b>struchtúir ar bun</b> chun freastal ar riachtanais tosaíochta na scoile.</p>
Cuireann siad ar chumas na foirne ról cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm	<p>Tuigeann an príomhoide an tábhacht atá le cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta don scoil mar eagraíocht foghlama.</p> <p>Spreagann sé/sí na múinteoirí le ról cheannaireachta a ghlacadh agus ceannas a ghlacadh ar an bhfoghlaim, agus tá sé/sí sásta freagrachtaí suntasacha ceannaireachta a dháileadh.</p> <p>Spreagann an príomhoide bunú foirne chun déileáil le tosaíochtaí an scoile. Tuigeann sé/sí an cumas le hacmhainn ceannaireachta a thógáil, agus féachann sé/sí len í seo a fhorbairt.</p> <p>Cuireann an príomhoide clár meantóireachta ar fáil chun tacú le múinteoirí i ról nua.</p>	<p><b>Aithníonn agus dearbhaíonn an príomhoide an ról ríthábhachtach atá ag cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta don scoil mar eagraíocht foghlama.</b></p> <p><b>Cumasaíonn sé/sí na múinteoirí le ról cheannaireachta a ghlacadh agus ceannas a ghlacadh ar an bhfoghlaim, tríd úsáid éifeachtach a bhaint as samhlacha ceannaireachta dáilte.</b></p> <p>Spreagann an príomhoide <b>obair foirne i ngnéithe uile de shaol na scoile. Cruthaíonn agus spreagann sé/sí foirne de na baill foirne agus grúpaí oibre le ceannas a ghlacadh ar fhorbairt i bpríomhréimsí</b>, agus acmhainn ceannaireachta a thógáil dá réir.</p> <p>Déanann an príomhoide clár meantóireacht éifeachtach a sholáthar agus <b>a bhainistiú</b> chun tacú le múinteoirí i ról nua agus freisin <b>chun acmhainn ceannaireachta na meantóirí a fhorbairt</b>.</p>

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA	RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA
<p><b>Cothaíonn siad agus éascaíonn siad an fhorbairt ar ghuth na scoláirí, ar rannpháirtíocht na scoláirí agus ar cheannaireacht na scoláirí</b></p>	<p>Bíonn meas ag na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bhainistíochta acu ar thuairimí na scoláirí, agus tacaíonn siad le rannpháirtíocht na scoláirí in oibriú na scoile.</p> <p>Déanann siad deimhin de go ndéantar comhairle na scoláirí a thoghadh go daonlathach, agus go gcuirtear san áireamh é sa chinnteoireacht.</p> <p>Tugann siad deiseanna do na scoláirí ról cheannaireachta a ghlacadh.</p> <p>Aithníonn na daoine sin atá i gceannas ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile an gá le héisteacht leis na scoláirí agus tá siad ag dul i gcomhairle níos mó leis na scoláirí maidir lena bhfoghlaim féin.</p>	<p><b>Aithníonn na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bhainistíochta acu gur páirtithe leasmhara iad na scoláirí, bíonn meas acu ar a dtuairimí, agus déanann siad deimhin dá rannpháirtíocht in oibriú na scoile.</b></p> <p>Déanann siad deimhin de go ndéantar comhairle na scoláirí a thoghadh go daonlathach agus <b>go bhfuil sé ionadaíoch, agus gur catalaíoch don athrú í, le ról gníomhach sa chinnteoireacht agus i bhforbairt na bpolasaithe.</b></p> <p><b>Tacaíonn siad leis na scoláirí ról cheannaireachta a ghlacadh trí chuidiú le hoiliúint ábhartha agus trí dheiseanna a sholáthar le bheith i gceannas ar thionscnaimh scoile.</b></p> <p><b>Téann na daoine sin atá i gceannas ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile i gcomhairle agus i dteagmháil go gníomhach leis na scoláirí chun athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe.</b></p>
<p><b>Tógann siad líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile</b></p>	<p>Glacann an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach páirt i bplé gairmiúil lena gcomhpháirtithe ag leibhéal éagsúla ar bhonn leanúnach. Féachann siad lena bhfuil foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar a gcleachtas féin.</p> <p>Cuidíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach le pobal foghlama gairmiúil a gcomhpháirtithe.</p> <p>Baineann na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bainistíochta acu leas as an tacaíocht ó chomhlachtaí náisiúnta a thacaíonn le cleachtais bhainistíochta agus ceannaireachta éifeachtacha a fhorbairt.</p>	<p><b>Bíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach páirteach go gníomhach i gcumainn ghairmiúla do cheannairí scoile agus bainisteoirí ag na leibhéil uile, suas go leibhéal idirnáisiúnta, agus an leibhéal sin san áireamh. Léiríonn siad foghlaim ón gcaidreamh sin ina gcleachtas.</b></p> <p><b>Tacaíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach le forbairt ghairmiúil a gcomhpháirtithe, agus cuidíonn siad go cuspóireach leis an bpopal foghlama gairmiúil.</b></p> <p>Bíonn na daoine sin a bhfuil ról cheannaireachta agus bainistíochta acu <b>páirteach go cuspóireach</b> leis na comhlachtaí náisiúnta a thacaíonn le cleachtais bhainistíochta agus ceannaireachta éifeachtacha a fhorbairt.</p>







